# Duilleog

Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 9 Samhradh 2009

# MÓR-GHRADAM NÁISIÚNTA, GHLÓR NA NGAEL 2008

## Bronnadh Ghlór na nGael

Bhí oíche mhór in Óstán Ghaoth Dobhair ar 28 Márta 2009 nuair a bronnadh Príomh Dhuais Ghlór na nGael ar an Chomharchumann. Bhí thar 200 duine i láthair ag an ócáid áit a raibh ionadaithe ó choistí Ghlór na nGael as gach cearn den tír agus ó thar lear. Ba iad Liam Ó Maolmhichil Cathaoirleach Fhorás na Gaeilge agus Liam Ó Cuinneagáin Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta a bhronn na duaiseanna. Bronnadh Mór Ghradaim Ghlór na nGael Trófaí Aire na Gaeltachta agus €50,000 ar an Chomharchumann. Seo an chead uair don duais seo a bheith bronnta ar Choiste ar bith i gCúige Uladh taobh amuigh de Chathair Dhoire agus Bhéal Feirste. Bhí ionadaithe i láthair ar an oíche ó Ghaeltacht nua bhunaithe Cheanada chomh maith le Ambasadóir na hÉireann i gCeanada. Bhronn sé tabhartas fíona ar an ócáid.




Íde Ní Uallacháin - Cathaoirleach Choiste Stiúrtha Ghlór na nGael, Liam Ó Maolmhichil - Cathaoirleach Fhorás na Gaeilge, Máire Mhic Niallais - Cathaoirleach an Chomharchumainn, Diarmaid Ó Mórdha - An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe & Gaeltachta, Liam Ó Cuinneagáin - Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta, Brídín Ní Mhaoldomhnaigh, Bríd Ní Bháicéir - Rúnaí an Comharchumainn, Alannah Ní Dhugáin, Emma Ní Ghallchobhair, Antoin Mac Aodha - Bainisteoir an Chomharchumainn, Pádraig Ó Domhnaill - Bainisteoir Cúnta an Chomharchumainn.




An Crann Óg ag Ócáid Bhronnta, Trófaí & Duaiseanna Ghlór na nGael in Óstan Ghaoth Dobhair



Íde Ní Uallacháin - Cathaoirleach an Choiste Stiúrtha Ghlór na nGael, , Liam Ó Cuinneagáin - Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta, Liam Ó Maolmhichil - Cathaoirleach Forás na Gaeilge, Antoin Mac Aodha - Bainisteoir an Chomharchumainn, Antoin de Baróid leis an trófaí

# Éigse Uladh 2009














Ba é dhaichead Bliain d'Éigse Uladh téama na hÉigse i mbliana. Rinne an dlíodóir Antoin Delap an Éigse a fhoscladh go hoifigiúil agus rinne sé cur síos a bhí cuimsitheach agus greannmhar ar a chuimhní cinn féin ar na hÉigsí ó thus ama. Ina dhiaidh sin thug Noel Ó Gallchóir fear a bhfuil baint aige leis na hÉigsí ón tús léiriú agus cuntas a bhí thar a bheith suimiúil ar na léachtóirí uilig, na hábhair a bhí faoi phlé agus imeachtaí na nÉigsí go ginearálta. Le cuidiú ó chartlann Raidió na Gaeltachta thug sé siar muid ar bhóithre na smaointe le daoine mar Seosamh Mac Grianna agus Seamus, Coslett Ó Cuinn an sagairt Eoghan Ó Fríl iar chathaoirleach na hÉigse Seán Mac Aoidh iar mhúinteoir & iar chathaoirleach ar Chomhairle Paróiste Ghaoth Dobhair agus go leor eile nach maireann. Chuir Majella, Lisa & Sharon Nic Pháidín ceol binn ar fáil lena gcuid amhránaíochta le linn na hoíche. Ainneoin go raibh an oíche go dona ó thaobh na haimsire de, bhí teach lán againn in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Bhí taispeántas sa Chrannóg Dé Satharn agus Dé Domhnaigh ar na hÉigsí agus ar Ghlór na nGael agus ar obair an Chomharchumainn a bhfuil 20 Bliain slánaithe aige anois. Rinneadh Aifreann na hÉigse a cheiliúradh i dTeach Pobail Mhuire i nDoire Beaga Dé Domhnaigh le Cór Mhuire.

## Achaine

chuig;
Na hIomaitheoirí sna Toghcháin
Áitiúla agus Eorpacha

Is cúis imní dúinne anseo i nGaoth Dobhair go bhfuil go leor Póstaeirí Béarla á gcrochadh ar fud na háite mar bholscaireacht agaibh do na Toghcháin ar 5 Meitheamh.

Léiríonn iompar teanga mar seo droch mheas mór ar chearta teanga an phobail sa Ghaeltacht.

Cén fáth nach mbeadh na póstaeirí dhátheangach go hiomlán ar a laighead?

Ba mhaith linne mar sin achaine a dhéanamh oraibh iarracht níos fearr a dhéanamh idir seo agus lá an Toghcháin le cothrom na féinne a thabhairt don Ghaeilge in bhur gcuid poiblíochta don Toghchán.

# Aonach Samhraidh



## Áit : an Chrannóg

## Dáta : Dé Sathairn 30 Bealtaine

## Am : 11.00 - 4.00

Díol





Ceannacht

Craic

Coiriú Bréige

Ceol



## Campa Samhraidh na Crannóige 2009

Arís i mbliana tá Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ag reáchtáil Campa Samhraidh, sa Chrannóg, Srath na Corcra. Beidh an Campa ag toiseacht ar an 29 Meitheamh ar feadh 8 seachtainí. Ón 10.00 a.m.—3.00 .p.m ó Luan go hAoine.

Ranganna & Gníomhaíochtaí Éagsúla a bheas ar siúl;

- Aithriseoireacht
- Amhránaíocht
- Ceol Uirlise
- Dioscó & Rince Gaelach
- Ealaíon

**Tuilleadh eolas : 074 95 32208**

## Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair Scaireisiúnt

Tá an Comharchumann ag tabhairt faoi fheachtas eisiúint scaireanna/scaracha arís i mbliana.

Scaireisiúnt nach n-íocann díbhinn atá i gceist, rud a chiallaíonn go bhfuil na baill sásta infheistíocht a dhéanamh sa Chomharchumann ar mhaithe le leas an pharóiste, le cur chun cinn cúrsaí, teanga, cultúir agus fostaíochta.

Costas scair amháin - €12.70,
nó bloc de dheichniúr - €127.00

Má tá suim agat scair a cheannacht déan teagmháil linn in ionad an Chomharchumann.

Fón - 074 95 32208

Ríomhphost - cfgd@eircom.net

## Naíonra na Crannóige



**Bunaíodh Naíonra na Crannóige sa bhliain 1996. Is í Bríd Mhic Pháidín atá ina stiúrthóir ar an Naíonra ó 1999 agus is í Máirín Uí Dhuibhir atá mar stiúrthóir cúnta ón bhliain 2004. Bhog an Naíonra isteach í seomra úr sa bhliain 2004 atá leagtha amach go speisialta chun freastal ar riachtanaisí luath oideachais na bpáistí. Tá dualgais orainn claoi le rialacha an Bhord Sláinte chomh maith. Is í an Ghaeilge an teanga a labhartar go hiomlán sa Naíonra agus cuirtear béim ar an nádúr agus an timpeallacht sa Naíonra. Tá cúig pháiste dhéag ag freastal ar an Naíonra faoi láthair agus beidh ar a laighead deich bpáiste againn í mí Mheán Fómhair 2009. Is féidir le tuismitheoirí páiste a chlárú sa Naíonra go fóill. Is é Antoin Mac Aodha atá ina chathaoirleach ar choiste an Naíonra, Bríd Ní Bháicéir ina rúnaí agus is é Cormac Mac Giolla Easpaig atá ina chisteoir. Tá an Naíonra cláraithe le Comhar na Naíonra Gaeltachta atá faoi chúram Údarás na Gaeltachta.**

**Teagmháil - 074 95 32208**

**Baile - 074 95 32531/087 9769077**

## Comharchumann na nOileán Beag



Tá Ancaire ar an bhfód ó 1998. Bunaíodh an eagraíocht faoi scáth Chomhdháil Oileán na hÉireann chun gréasán tacaíochta agus forbartha a chothú i measc na noileáin bheaga ar chósta Thír Chonaill agus fuair an togra maoiniú ón gCiste Siochána agus Athmhuintearas agus ó Údarás na Gaeltachta. Ba iad na coistí pobail agus forbartha ar na hoileáin a bhí páirteach san scáth ghrúpa ón tús. Lean an togra ar feadh tréimhse dhá bhliain agus idir 2000-2001 bhí an togra cómhaoinithe ag Údarás na Gaeltachta gus Meitheal Forbartha na Gaeltachta. Ó shin I leith is iad Údarás na Gaeltachta a chuireann maoiniú reatha ar fáil. Tá Ancaire cláraithe mar Comharchumann le Cláraitheoir na gCarad-Chumann.

Is iad cumasú na n-oileánach agus forbairt na noileán an dhá phríomh sprioc atá ag Comharchumann na nOileán Beag.

**Comhdhéanamh Ancaire** - Tá seachtar scairshealbhóirí ag Ancaire. Roghnaíonn gach aon oileán scairshealbhóir amháin don Chomharchumann agus ionadaí amháin la bheith mar bhall ar coiste bainistíochta na heagraíochta. Tá coiste forbartha ar gach aon oileán agus i iad na coistí seo a roghnaíonn ionadaithe na hoileáin éagsúla:

Scairshealbhóirí Ionadaíocht - Coiste Forbartha Oileán Ruaidh 1, Coiste Forbartha Inis Mhic a Doirn 1, Coiste Forbartha Inis Caorach 1, Coiste Forbartha Oileán Ghabhla 1, Coiste Forbartha Inis Oirthear 1, Coiste Forbartha Inis Fraoigh 1, Coiste Forbartha Inis Bó Finne 1.

Faoi láthair tá deichniúr ball ar choiste bainistíochta Ancaire. Tá seachtar ball óna hoileáin chomh maith le hionadaí ó Údarás na Gaeltachta, Meitheal Forbartha na Gaeltachta agus ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta. Tá bainisteoir lánaimseartha fostaithe agus tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Chrannóg i nGaoth Dobhair.

Teagmháil: 074 95 32571 Faics: 074 95 32594

ancaire@eircom.net www.donegalislands.com



**Trófaí Ghlór na nGael**

## Comharthaí




**Tá 3 cinn de na comharthaí seo curtha suas ar imeall na paróiste ag an Comharchumann ar iarratas ó Ghlór na nGael.**

**Tá Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ag déanamh athchló ar an Leabhrán Eolais atá againn. Ba mhaith linn iarraidh ar dhuine ar bith a bhfuil suim acu a ngnó a bheith luaite ann, é sin a chur in iúl do Emma ag an uimhir 074 95 32208 roimh 10/06/2009.**